



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2021**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Tíreolaíocht**

**Ardleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótaíl i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'fhaisnéis fhíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an bhfaisnéis a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála. Úsáidtear nótaí mínithe eile le haghaidh ceisteanna áirithe eile, liostaítear na nótaí mínithe sin tar éis na scéime marcála don cheist ábhartha.

| Nóta Mínithe                                                                        | Úsáid                                                         | Marcanna<br>(más iomchuí) |
|-------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------|---------------------------|
|  | Faisnéis bhailí                                               | 1                         |
|  | Faisnéis bhailí                                               | 2                         |
|  | Faisnéis bhailí                                               | 3                         |
|  | Faisnéis bhailí                                               | 4                         |
|  | Farasbarr faisnéise                                           | N/B                       |
|  | Freagra mícheart                                              | 0                         |
|  | Cuid shuntasach de fhreagra                                   | N/B                       |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B                       |

## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Bronn 10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann.

Marcáil gach ceist a ndearnadh iarracht uirthi agus bronn na deich gceist leis na marcanna is airde.

Gan grádú ar bith.

|                                                                                                                                                                                                                    |                                                                                                                |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>C1</b><br>G 30 08 V-ghleann 2m<br>M 28 98 Cumar aibhneacha 2m<br>G 26 07 Leibhéanna 2m<br>M 28 99 Foirmiú lúblocha 2m                                                                                           | <b>C7</b><br>(i) 220m 2m<br>(ii) 5.2km 2m<br>(iii) G 254 044 2m<br>(iv) 28km <sup>2</sup> 2m                   |
| <b>C2</b><br>(i) D 1m<br>A 1m<br>C 1m<br>B 1m<br>(ii) Aon sliabhraon bhailí 2m<br>(iii) Sriosach / Coinbhéirseach 2m                                                                                               | <b>C8</b><br>(i) N 58 2m<br>(ii) G 268 043 2m<br>(iii) TOT 2m<br>(iv) Bréagach 2m                              |
| <b>C3</b><br>(i) C 1m (ii) Creimeadh 1m<br>B 1m Síonchaitheamh 1m<br>D 1m Sil-leagan 1m<br>A 1m Síonchaitheamh 1m                                                                                                  | <b>C9</b><br>A 2m<br>D 2m<br>E 2m<br>B 2m<br>C 2m                                                              |
| <b>C4</b><br>(i) C 1m (ii) Carraig Dhríodair 1m<br>A 1m Carraig Dhríodair 1m<br>B 1m Bruthcharraig 1m<br>(iii) Aolchloch 1m<br>Gaineamhchloch 1m                                                                   | <b>C10</b><br>(i) 50-74mm 2m<br>(ii) Bréagach 1m<br>Fíor 1m<br>(iii) Isihaití 2m<br>(iv) Lagrach 2m            |
| <b>C5</b><br>(i) D 1m<br>E 1m<br>C 1m<br>B 1m<br>F 1m<br>A 1m<br>(ii) Aon sampla bailí 2m                                                                                                                          | <b>C11</b><br>(i) 273 2m<br>(ii) 2017 2m<br>(iii) 173 2m<br>(iv) Bréagach 2m                                   |
| <b>C6</b><br>(i) Fionnuar Measartha Aigéanach 1m<br>Milano 1m<br>An Mezzogiorno 1m<br>Dáilcheantar Shligigh-Liatroma 1m<br>Iomairí agus Gleannta na Mumhan 1m<br>Tír na mBascach 1m<br>(ii) Bréagach 1m<br>Fíor 1m | <b>C12</b><br>(i) Cathracha 2m<br>(ii) 70 (%) 2m<br>(iii) 7.1 (%) 2m<br>(iv) Míniú bailí gearr ar bith 1m + 1m |

In 2021 bhí rogha bhreise ag na hiarrthóirí ar pháipéar Tíreolaíochta Scrúdú na hArdteistiméireachta. Ba iad seo a leanas na treoracha le haghaidh Roinn a Dó den scrúdpháipéar ardleibhéil:

Ní mór duit **TRÍ** cheist a fhreagairt. Ní cheadaítear duit gach ceann de na trí cheist a roghnú as an roinn chéanna. Féadfaidh tú dhá cheist a roghnú as an roinn chéanna más mian leat.

- Roinn 1 – Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceisteanna 1-3)
- Roinn 2 – Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3 – Toghaonaid (Ceisteanna 7-12)
- Roinn 4 – Roghaonaid (Ceisteanna 13-24)

Chun marc iomlán a fháil le haghaidh Roinn a Dó, roghnaítear leis an gcóras marcála ar líne ar dtús na trí cheist lena bhfuil na marcanna is airde ó Roinn a Dó agus cuirtear le chéile iad. **Mura** bhfuil na trí cheist ar fad ón Roinn chéanna, is é sin an marc iomlán ceart le haghaidh Roinn a Dó ansin, agus cuireann an Scrúdaitheoir GF isteach le haghaidh míre ar a dtugtar Coigeartú. Fágann sé sin an t-iomlán a ríomhadh leis an gcóras marcála ar líne i dtosach mar atá sé.

Má tá na trí cheist ar fad lena bhfuil na marcanna is fearr ón Roinn chéanna, ansin beidh iomlán na gceann sin neamhbhailí mar gheall ar an rúibric a theastaíonn. Sna cásanna sin, cuireann an Scrúdaitheoir an marc diúltach cuí isteach don mhír ‘Coigeartú’, ag baint úsáid as na nótaí mínithe seo a leanas:

| Nóta mínithe                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | Úsáid                                                                  | Marcanna (más iomchuí)                     |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------|
| <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; display: inline-block;">A</div>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             | Léirítear go bhfuil na marcanna ón gceist thuas á gcoigeartú ón iomlán | N/B                                        |
| <div style="display: flex; flex-wrap: wrap; gap: 5px;"> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">0</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">1</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">2</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">3</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">4</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">5</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">6</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">7</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">8</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">9</div> <div style="border: 1px solid red; padding: 2px; margin: 2px;">10</div> </div> | Tá iomlán na nótaí mínithe a úsáidtear á ndéalú ón iomlán              | 0, -1, -2, -3, -4, -5, -6, -7, -8, -9, -10 |

Go sonrach, cuireann an Scrúdaitheoir an nóta mínithe A ag barr an leathanaigh ar dheis ar freagraíodh an cheist lena bhfuil an tríú marc is airde, agus cuireann sé an comhcheangal ceart uimhreacha in aice leis an A sin chun an coigeartú ceart a chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun marc Coigeartaithe -23 a chur i bhfeidhm, chuirfeadh Scrúdaitheoirí A, -10, -10, -3 ann.

Is é éifeacht leis an marc Coigeartaithe a chinntiú go gcuirfear an rúibric thuas i bhfeidhm – is é sin, gurb é marc iomlán iarrthóra le haghaidh Roinn a Dó an comhcheangal is airde de na marcanna bailí (i gcás go dtagann na marcanna ó dhá cheist ar a mhéad ón roinn chéanna).

# ROINN 1

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISEACHACH

### Ceist 1 go 3

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

### Ceist 1

#### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Limistéar iomlán Loch Cuilinn
- Cúrsa Abhainn na Muaidhe idir G 259 024 agus G 269 090
- Cuir **X** ag cumar Abhainn na Muaidhe agus na hAbhann Buí
- An limistéar talún iomlán atá os cionn 200 méadar.

[20m]

|                            |                                      |
|----------------------------|--------------------------------------|
| Imlíne na Sracléarscáile   | 4 mharc (4/0)                        |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0) |
|                            | Lipéad 1m                            |

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála den limistéar a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil. Ní ghlactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Caill 4 mharc as imlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triaileadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronnfar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Is féidir an sceitse a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

## 1B. Próisis Dromchla

### Freagair (i) nó (ii).

- (i) Scrúdaigh an chaoi a dtéann **próiseas an tsil-leagain** i bhfeidhm ar fhoirmiú tírghné abhann **amháin nó** ar fhoirmiú tírghné cósta **amháin nó** ar fhoirmiú tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

[30m]

Tírghné ainmnithe                      2 mharc  
Scrúdú                                      14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as tagairt a dhéanamh do ról phróiseas an tsil-leagain. Teastaíonn scrúdú ar gach tagairt eile do phróisis an tsil-leagain.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón scrúdú.
- Is é bunphointe na ceiste tionchar phróiseas an tsil-leagain ar fhoirmiú na tírghnéithe. Míniú ar phróisis an chreimthe 0 marc.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad má tá cur síos tugtha ar an tírghné díreach gan tagairt don fhoirmiú.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

| Nóta Mínithe             | Úsáid                                | Marcanna |
|--------------------------|--------------------------------------|----------|
| <div>N</div>             | Tírghné ainmnithe                    | N/B      |
| <div>REF</div>           | Tagairt do phróiseas an tsil-leagain | N/B      |
| <div>Ex</div>            | Sampla nó láthair                    | N/B      |
| <div>✓<sub>2</sub></div> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc    | 2        |
| <div>✓</div>             | Barrachas PSÁ                        | N/B      |
| <div>Dg</div>            | Léaráid bhailí                       | N/B      |

## Nó

- (ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **na tosca a rialaíonn oibriú** próisis ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

|                                    |            |
|------------------------------------|------------|
| Tosca aitheanta                    | 2 + 2 marc |
| Próisis ollghluaiseachta ainmnithe | 2 mharc    |
| Cur síos/Míniú                     | 12 x PSÁ   |

- Tá cur síos/míniúchán de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní gá go mbainfeadh an freagra le hÉirinn.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an ollghluaiseacht gan aon tagairt do thosca lena rialaítear a hoibríocht.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                              | Marcanna |
|----------------|------------------------------------|----------|
| I              | Toisc aitheanta                    | N/B      |
| N              | Próisis ollghluaiseachta ainmnithe | N/B      |
| Ex             | Sampla nó láthair                  | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc  | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                      | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                     | N/B      |

## 1C. Gníomhaíocht Sheismeach

Mínigh conas is féidir creathanna talún a thuar agus a iarmhairtí a laghdú.

[30m]


|                                                |          |
|------------------------------------------------|----------|
| Tagairt do chreathanna talún a thuar           | 2 mharc  |
| Tagairt do thionchar creathanna talún a laghdú | 2 mharc  |
| Míniúchán                                      | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint don 2ú tagairt do thionchar creathanna talún le haghaidh 1 x PSÁ ón míniú. Caithfidh gach tagairt eile a mhíniú.
- Tugtar creidiúint don 2ú tagairt do thionchar creathanna talún a laghdú le haghaidh 1 x PSÁ ón míniú. Caithfidh gach tagairt eile a mhíniú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár tugadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Glac léirmhíniú leathan maidir le creathanna talún a thuar agus éifeachtaí creathanna talún a laghdú.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ach tuar nó éifeachtaí mínithe.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                                          | Marcanna |
|----------------|------------------------------------------------|----------|
| REF            | Tagairt do chreathanna talún a thuar           | N/B      |
| I              | Tagairt do thionchar creathanna talún a laghdú | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc              | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                                  | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                                 | N/B      |

## Ceist 2

### 2A. Tírghnéithe Cósta



Scrúdaigh an fótagraf thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- (i) Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe a foirmíodh mar thoradh ar na próisis chósta ar a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** agus **D**.
- (ii) Ainmnigh **dhá** phróiseas shonracha de chreimeadh cósta.
- (iii) Mínigh go hachomair cad is brí le *tonnta déanmhasacha*.
- (iv) Mínigh go hachomair cad is brí le *tonn-athraonadh*.

[20m]

- |       |                              |            |
|-------|------------------------------|------------|
| (i)   | A = Aill                     | 2 mharc    |
|       | B = Clár tonnghearrtha       | 2 mharc    |
|       | C = Uaimh                    | 2 mharc    |
|       | D = Staca Farraige           | 2 mharc    |
| (ii)  | Próisis shonraithe ainmnithe | 2 + 2 marc |
| (iii) | Míniú bailí                  | 2 + 2 marc |
| (iv)  | Míniú bailí                  | 2 + 2 marc |

## 2B. Forbairt Tírdhreach

Scrúdaigh an chaoi a gcruthaítear tírdhreacha sainiúla mar thoradh ar chineálacha éagsúla carraigeacha, agus bíodh tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

[30m]

|                                               |            |
|-----------------------------------------------|------------|
| Carraig 1 agus tírdhreach ghaolmhar ainmnithe | 2 + 2 marc |
| Carraig 2 agus tírdhreach ghaolmhar ainmnithe | 2 + 2 marc |
| Scrúdú                                        | 11 x PSÁ   |

- Caithfear gach cineál eile carraige agus tírdhreacha gaolmhaire a scrúdú.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Cur síos ar an gcarraig nó ar an tírdhreach gan tagairt ar bith don ghaol idir an charraig agus an tírdhreach 2 x PSÁ ar a mhéad.
- 7 x PSÁ ar a mhéad murar scrúdaíodh ach cineál carraige agus tírdhreach amháin.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                             | Marcanna |
|----------------|-----------------------------------|----------|
| N              | Carraig ainmnithe                 | N/B      |
| Ex             | Sampla de tírdhreach ghaolmhar    | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                     | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                    | N/B      |

## 2C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Bíonn tionchar ag idirghníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.

Scrúdaigh an ráiteas sin agus tú ag tagairt do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- An tionchar a bhíonn ag bearta rialúcháin tuilte ar phróisis abhann
- An tionchar a bhíonn ag obair chosanta cósta ar phróisis chósta
- An tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar phróisis ollghluaiseachta.

[30m]

Tionchar ar an bpróiseas aitheanta

2 mharc

Scrúdú


14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar ar phróiseas aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as sampla ainmnithe do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár tugadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.
- 2 x PSÁ ar a mhéad murar tugadh ach cur síos ar ghníomhaíochtaí an duine gan tagairt ar bith don tionchar ar phróisis dromchla.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                              | Marcanna |
|----------------|------------------------------------|----------|
| I              | Tionchar ar an bpróiseas aitheanta | N/B      |
| Ex             | Sampla                             | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc  | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                      | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                     | N/B      |

## Ceist 3

### 3A. Bolcáin



Scrúdaigh an léarscáil agus an téacs thuas ina dtugtar eolas faoi bholcáin san Indinéis, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Ainmnigh an bolcán is gaire do Agung ar oileán Bali.
- Cén treo ina bhfuil an Pláta Astrálach ag gluaiseacht **agus** cén luas (ina mm/in aghaidh na bliana) ata faoi?
- Ainmnigh **dhá** ábhar phireaclastacha a eisteilgtear as bolcán le linn brúchta.
- Céard é an t-ainm atá ar chón bolcánach atá tar éis titim isteach air féin i ndiaidh brúchta?
- Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *fhodhuchtú*.
- Mínigh go hachomair cad is brí le bolcán *suanach*.

[20m]

- |       |                                               |            |
|-------|-----------------------------------------------|------------|
| (i)   | Batur                                         | 2 mharc    |
| (ii)  | Ó Thuaidh soir ó thuaidh <b>agus</b> 70mm/bl/ | 2 + 2 marc |
| (iii) | Ábhar phireaclastach ainmnithe                | 2 + 2 marc |
| (iv)  | Caldera                                       | 2 mharc    |
| (v)   | Míniú bailí                                   | 2 + 2 marc |
| (vi)  | Míniú bailí                                   | 2 + 2 marc |

### 3B. Coigeartú Abhann

Scrúdaigh an chaoi a n-athraítear an tírdhreach nuair a thagann athrú ar abhainn mar thoradh ar athrú bonnleibhéil, agus bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

[30m]

|                                  |          |
|----------------------------------|----------|
| Athrú ar an tírdhreach ainmnithe | 2 mharc  |
| Sampla                           | 2 mharc  |
| Scrúdú                           | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint don 2ú hathrú aitheanta ar an tírdhreach do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as an 2ú sampla ainmnithe do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Caithfear scrúdú a dhéanamh ar gach athrú eile ar an tírdhreach
- Glac le gnéithe athnuachana abhann mar athruithe aitheanta ar an tírdhreach.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár tugadh marc air cheana sa chuntas scríofa.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                             | Marcanna |
|----------------|-----------------------------------|----------|
| I              | Athrú ar an tírdhreach ainmnithe  | N/B      |
| Ex             | Sampla                            | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                     | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                    | N/B      |

### 3C. Bruthcharraig

Mínigh foirmiú **dhá** bhruthcharraig, agus bíodh tagairt agat do shamplaí in Éirinn.

[30m]

|                                          |            |
|------------------------------------------|------------|
| Dhá bhruthcharraig Éireannacha ainmnithe | 2 + 2 marc |
| Míniú ar fhoirmiú charraig 1             | 6/7 x PSÁ  |
| Míniú ar fhoirmiú charraig 2             | 6/7 x PSÁ  |

- Tugtar creidiúint i gcomhair suíomhanna Éireannacha gaolmhara ainmnithe do gach carraig do 2 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár tugadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar 2 x PSÁ ar a mhéad má tá cur síos tugtha ar na bruthcharraigeacha díreach gan tagairt don fhoirmiú.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura mínítear ach bruthcharraig amháin.

| Nóta Mínithe                                                                                                                | Úsáid                                              | Marcanna |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------|----------|
| <span style="border: 1px solid red; padding: 2px;">N</span>                                                                 | Bruthcharraig ainmnithe                            | N/B      |
| <span style="border: 1px solid red; padding: 2px;">Loc</span>                                                               | Suíomh Éireannach ainmnithe                        | N/B      |
| <span style="color: red; font-weight: bold;">✓</span> <sub>2</sub>                                                          | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                  | 2        |
| <span style="color: red; font-weight: bold;">✓</span>                                                                       | Barrachas PSÁ                                      | N/B      |
| <span style="border: 1px solid red; padding: 2px;">Dg</span>                                                                | Léaráid bhailí                                     | N/B      |
| <span style="border: 1px solid red; padding: 2px;">P1</span> / <span style="border: 1px solid red; padding: 2px;">P2</span> | Baineann na nótaí mínithe le carraig 1 / carraig 2 | N/B      |

## ROINN 2

### TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

#### Ceist 4 go 6

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

#### Ceist 4

##### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil imchrutha sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Imchruth de ghné ainmnithe rilife (ar thalamh ard nó ar thalamh íseal)
- Lárionad uirbeach ainmnithe
- Imchruth de réigiún talmhaíochta ainmnithe nó de réigiún tionsclaíochta ainmnithe
- Cúrsa abhann ainmnithe.

[20m]

Imlíne léarscáile

4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc (grádaithe 4/2/0)

Taispeánta 2 mharc (grádaithe 2/1/0)

Ainmnithe 2 mharc

- Ná glac le réigiún Éireannach nó Eorpach.
- Glactar le lárionad uirbeach de chineál bailí ar bith, is cuma faoin méid.
- Féadtar ainmneacha a scríobh ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- Is féidir an imlíne léarscáile a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.
- Marcanna creidiúna as na gnéithe riachtanacha a ainmniú má tá na hainmneacha bailí agus ceart fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar go mícheart iad.
- I gcás go dtaispeántar gnéithe ach nach n-ainmnítear i gceart iad nó mura n-ainmnítear in aon chor iad, 0 marc as taispeáint agus 0 marc as ainmniú.

#### 4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Mínigh **dhá** thoisc ar bith a chuaigh i bhfeidhm ar an gcaoi ar forbraíodh gníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

|                   |            |
|-------------------|------------|
| Tosca aitheanta   | 2 + 2 marc |
| Míniú ar Thoisc 1 | 6/7 x PSÁ  |
| Míniú ar Thoisc 2 | 6/7 x PSÁ  |

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as sampla sonracha de ghníomhaíochtaí geilleagracha tánaisteacha.
- Ná glactar le réigiún Eorpach ná réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Míniú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón míniú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí tánaistí: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Mura mínítear ach ar thoisc amháin: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Ná glactar le hÉirinn mar réigiún.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                                              | Marcanna |
|----------------|----------------------------------------------------|----------|
| I              | Toisc aitheanta                                    | N/B      |
| Ex             | Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                  | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                                      | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                                     | N/B      |
| P1 / P2        | Baint ag nótaí mínithe le toisc 1 / toisc 2        | N/B      |

#### 4C. An tAontas Eorpach

Mínigh **gach** ceann de na dúshláin seo a leanas atá roimh an Aontas Eorpach:

- Dúshlán shóisialta
- Dúshlán gheilleagracha.

[30m]

|                               |           |
|-------------------------------|-----------|
| Dúshlán sóisialta aitheanta   | 2 mharc   |
| Míniú ar dhúshlán shóisialta  | 6/7 x PSÁ |
| Dúshlán eacnamaíoch aitheanta | 2 mharc   |
| Míniú ar dhúshlán eacnamaíoch | 6/7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint don 2ú dúshlán sóisialta le haghaidh 1 PSÁ ón míniú.
- Tugtar an 2ú creidiúint do dhúshlán eacnamaíoch le haghaidh 1 PSÁ ón míniú.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura mínítear ach dúshlán shóisialta nó eacnamaíocha.
- Is féidir leis an ainm a bheith bunaithe ar bhallstát amháin, líon ballsát, an AE go ginearálta nó meascán díobh sin etc.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                                                                     | Marcanna |
|----------------|---------------------------------------------------------------------------|----------|
| I              | Dúshlán sóisialta aitheanta                                               | N/B      |
| N              | Dúshlán eacnamaíoch aitheanta                                             | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                                         | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                                                             | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                                                            | N/B      |
| P1 / P2        | Baineann na nótaí mínithe le dúshlán shóisialta agus dúshlán eacnamaíocha | N/B      |

## Ceist 5

### 5A. Cúrsaí lascaireachta san Aontas Eorpach

Líon na nÁrthaí i gCabhlach Iascaireachta an Aontais Eorpaigh,  
2008 agus 2017 (tíortha roghnaithe)

| Tír                  | 2008   | 2017   | sciar % de chabhlach<br>iascaireachta AE<br>in 2017 |
|----------------------|--------|--------|-----------------------------------------------------|
| An Danmhairg         | 2,886  | 2,205  | 2.7%                                                |
| An Ísiltír           | 822    | 849    | 1.0%                                                |
| Éire                 | 2,022  | 2,022  | 2.4%                                                |
| An Ghréig            | 17,138 | 14,977 | 18.1%                                               |
| An Iodáil            | 13,613 | 12,250 | 14.8%                                               |
| An Spáinn            | 11,424 | 9,147  | 11.1%                                               |
| An chuid eile den AE | 37,536 | 41,287 | 49.9%                                               |
| Iomlán               | 85,441 | 82,737 | 100%                                                |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar líon na n-árthaí i gcabhlach iascaireachta an Aontais Eorpaigh (AE) agus i dtíortha roghnaithe in 2008 agus in 2017, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- (i) De réir an tábla thuas, cén tír aonair ina raibh an sciar céatadánach ab airde de chabhlach iascaireachta an AE in 2017?
- (ii) De réir an tábla thuas, cén tír aonair inar tháinig méadú ar a cabhlach idir 2008 agus 2017?
- (iii) Cérbh é sciar céatadánach na hIodáile de chabhlach iascaireachta an Aontais Eorpaigh in 2008?
- (iv) Ainmnigh **dhá** chalafoirt iascaireachta in Éirinn.
- (v) Mínigh go hachomair **dhá** chúis ar tháinig laghdú ar líon na n-árthaí iascaireachta san AE idir 2008 agus 2017.

[20m]

- (i) An Ghréig 2 mharc
- (ii) An Ísiltír 2 mharc
- (iii) 15.93 (%) 4 mharc
- (iv) Calafort iascaireachta in Éirinn ainmnithe 2 + 2 marc
- (v) Míniú bailí 2 + 2 marc  
2 + 2 marc

## 5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach

Scrúdaigh **dhá** thoisc a raibh tionchar acu ar fhorbairt na turasóireachta i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

|                     |            |
|---------------------|------------|
| Tosca aitheanta     | 2 + 2 marc |
| Scrúdú ar Thoisce 1 | 7/6 x PSÁ  |
| Scrúdú ar Thoisce 2 | 7/6 x PSÁ  |

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as dhá shampla de thurasóireachta ainmnithe.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Ná glactar le scrúdú ar thurasóireacht i réigiún de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na turasóireachta: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                                       | Marcanna |
|----------------|---------------------------------------------|----------|
| I              | Toisc aitheanta                             | N/B      |
| Ex             | Sampla de thurasóireacht                    | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc           | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                               | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                              | N/B      |
| P1 / P2        | Baint ag nótaí mínithe le toisc 1 / toisc 2 | N/B      |

## 5C. Forbairt Uirbeach

Déan plé ar na tosca a raibh tionchar acu ar fhorbairt limistéir uirbigh **amháin** i réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]


|                            |          |
|----------------------------|----------|
| Ceantar uirbeach ainmnithe | 2m       |
| Tosca aitheanta            | 2m + 2m  |
| Plé                        | 12 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an tríú toisc aitheanta ón plé do 1 x PSÁ. Tá plé riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin.
- Ná glactar le réigiún uirbeach de chuid na hÉireann ná ar réigiún Ilchríochach/Fo-Ilchríochach.
- Glactar le ceantar uirbeach de chineál bailí ar bith nó cuid de, is cuma faoin méid.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do cheantar uirbeach ainmnithe ná do cheantar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Is féidir an plé a bhunú ar léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón plé.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.

| Nóta Mínithe                                                                        | Úsáid                             | Marcanna |
|-------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------|----------|
|  | Ceantar uirbeach ainmnithe        | N/B      |
|  | Toisc aitheanta                   | N/B      |
|  | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2        |
|  | Barrachas PSÁ                     | N/B      |
|  | Léaráid bhailí                    | N/B      |

## Ceist 6

### 6A. Ioncam Indiúscartha i Réigiúin in Éirinn



Curtha in oiriúint ó [www.arcgis.com](http://www.arcgis.com) agus POS

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Cén meánioncam indiúscartha (ina €) a bhí ann i réigiún an Iardheiscirt in 2016 **agus** in 2017?
- Cé mhéad réigiún ina raibh an meánioncam indiúscartha faoi bhun mheán an Stáit in 2016?
- Ríomh an difríocht idir an meánioncam indiúscartha in 2016 agus in 2017 i Lár na Tíre.
- Cén réigiún ina raibh an meánioncam indiúscartha ab ísle in 2016 agus in 2017?
- Mínigh go hachomair cúis **amháin** a raibh an meánioncam indiúscartha ab airde sa Stát i réigiún Bhaile Átha Cliath.
- Mínigh go hachomair modh **amháin** a bhféadfadh infheistíocht i mbonneagar iompair na hÉireann cuidiú leis na difríochtaí ioncaim sna réigiúin a laghdú.

[20m]

|       |                   |            |
|-------|-------------------|------------|
| (i)   | (€) 19,040 – 2016 | 2 mharc    |
|       | (€) 19,893 – 2017 | 2 mharc    |
| (ii)  | 7                 | 2 mharc    |
| (iii) | (€) 2,202         | 4 mharc    |
| (iv)  | Teorainn          | 2 mharc    |
| (v)   | Míniú bailí       | 2 + 2 marc |
| (vi)  | Míniú bailí       | 2 + 2 marc |

## 6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil – Talmhaíocht

Tabhair míniú ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air, agus bíodh tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Rilíf
- Aeráid
- Margaí.

[30m]

|                    |           |
|--------------------|-----------|
| Cuntas ar Thoisc 1 | 8/7 x PSÁ |
| Cuntas ar Thoisc 2 | 8/7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as dhá shampla de thalmhaíocht ainmnithe.
- Ná glactar le cuntas ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún Éireannach nó i réigiún Ilchríochach/Fo-ilchríochach
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na talmhaíochta: 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                                       | Marcanna |
|----------------|---------------------------------------------|----------|
| Ex             | Sampla de thalmhaíocht                      | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc           | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                               | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                              | N/B      |
| P1 / P2        | Baint ag nótaí mínithe le toisc 1 / toisc 2 | N/B      |

## 6C. Dinimic Réigiún – Próisis an Duine

|                   |        |                  |
|-------------------|--------|------------------|
| Dinimic Dhaonra   | Teanga | Reiligiún        |
| Forbairt Uirbeach |        | Forbairt Tuaithe |

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag **dhá cheann** ar bith de na tosca sa tábla thuas ar an bhforbairt i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

### Próiseas 1

|                 |           |
|-----------------|-----------|
| Toisc aitheanta | 2 mharc   |
| Scrúdú          | 7/6 x PSÁ |

### Próiseas 2

|                 |           |
|-----------------|-----------|
| Toisc aitheanta | 2 mharc   |
| Scrúdú          | 7/6 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as dhá shampla shonracha de phróisis an duine.
- D'fhéadfadh suíomhanna ainmnithe laistigh den réigiún, teangacha ainmnithe, reiligiúin ainmnithe etc a bheith i gceist le próisis an duine.
- Ná glactar le scrúdú ar thionchar na dtosca thuas i réigiún Éireannach nó i réigiún Eorpach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura mínítear ach próiseas amháin.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                                                | Marcanna |
|----------------|------------------------------------------------------|----------|
| I              | Toisc aitheanta                                      | N/B      |
| Ex             | Sampla de phróiseas an duine                         | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                    | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                                        | N/B      |
| Dg             | Léaráid bhailí                                       | N/B      |
| P1 / P2        | Baineann na nótaí mínithe le próiseas 1 / próiseas 2 | N/B      |

**ROINN 3**  
**TOGHAONAD**  
**Ceist 7 go 12**

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceisteanna 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceisteanna 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

# PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

## Ceist 7 go 9

### Ceist 7

#### 7A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bhéal Easa a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An abhainn
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile.
- Foirgneamh tionsclaíoch
- Limistéar fásaigh sa chúlra ar dheis.

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile  
4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc (4/0)  
Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)  
Ainmnithe 1 mharc

- Is gá imlíne na sracléarscáile a tharraingt leath den fhad agus leath den leithead. Is iad na toisí a theastaíonn ná 12.7 cm faoi 8.3 cm (ach ceadaiigh difríocht de 0.5 cm ar gach taobh).
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil. Ná glactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Caill 4 mharc as imlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ná ceadaiigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis in ionad aerfótagraf 0 marc.
- Caithfear lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triailleadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triailleadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronnfar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Is féidir an sceitse a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

## 7B. Cuideachta Ilnáisiúnta

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas ar chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

- Saolré an táirge
- Straitéisí corparáideacha a théann i bhfeidhm ar oscailt agus ar dhruidim monarchana brainse
- Forbairtí i dteicneolaíocht na faisnéise.

[30m]

|                                              |         |
|----------------------------------------------|---------|
| MNC ainmnithe                                | 2 mharc |
| Tionchar aitheanta do thoisc/cheannteideal 1 | 2 mharc |
| Scrúdú ar thoisc/cheannteideal 1             | 6 x PSÁ |
| Tionchar aitheanta do thoisc/cheannteideal 2 | 2 mharc |
| Scrúdú ar thoisc/cheannteideal 2             | 6 x PSÁ |

- Scrúdú nach bhfuil ceangal ann le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe: 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ach ar thoisc gan aon tagairt: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisc/ceannteidil chun míniú a thabhairt faoin dóigh a raibh tionchar ag an toisc ar an gcuideachta ilnáisiúnta ainmnithe.

| Nóta Mínithe             | Úsáid                                                                        | Marcanna |
|--------------------------|------------------------------------------------------------------------------|----------|
| <div>N</div>             | MNC ainmnithe                                                                | N/B      |
| <div>I</div>             | Toisc aitheanta                                                              | N/B      |
| <div>✓<sub>2</sub></div> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                                            | 2        |
| <div>✓</div>             | Barrachas PSÁ                                                                | N/B      |
| <div>P1 / P2</div>       | Baineann sé le scrúdú ar thoisc/cheannteideal 1 nó ar thoisc/cheannteideal 2 | N/B      |

## 7C. Fuinneamh In-Athnuaite

Scrúdaigh an chaoi a bhfuil forbairt ar fhuinnimh in-athnuaite riachtanach don dá rud seo a leanas:

- Comhshaol na hÉireann
- Geilleagar na hÉireann.

[30m]


|                                                 |           |
|-------------------------------------------------|-----------|
| Tábhacht do thimpeallacht na hÉireann ainmnithe | 2 mharc   |
| Scrúdú ar thimpeallacht na hÉireann             | 6/7 x PSÁ |
| Tábhacht do gheilleagar na hÉireann ainmnithe   | 2 mharc   |
| Scrúdú ar gheilleagar na hÉireann               | 6/7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla d'fhuinneamh in-athnuaite.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil tagairt ar bith don gheilleagar sa scrúdú ar an timpeallacht.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil tagairt ar bith don timpeallacht sa scrúdú ar an ngeilleagar.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ach cur síos ar an bhfuinneamh in-athnuaite gan tagairt ar bith do thimpeallacht na hÉireann nó do gheilleagar na hÉireann.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                                                 | Marcanna |
|----------------|-------------------------------------------------------|----------|
| I              | Tábhacht don timpeallacht aitheanta                   | N/B      |
| N              | Tábhacht don gheilleagar aitheanta                    | N/B      |
| Ex             | Sampla d'fhuinneamh in-athnuaite                      | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                     | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                                         | N/B      |
| P1 / P2        | Baineann sé le scrúdú ar an timpeallacht / geilleagar | N/B      |

## Ceist 8

### 8A. Trádáil Idirnáisiúnta



Scrúdaigh an bharrachairt thuas ina dtaispeántar luach na trádála a rinne an tAontas Eorpach (AE) le tíortha roghnaithe in 2018, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Cé acu de na tíortha roghnaithe thuas a fuair an luach ab airde d'easpórtálacha ón Aontas Eorpach (AE) in 2018?
- Cé acu de na tíortha roghnaithe thuas ar uaithi a fuair an AE an luach ab ísle d'iompórtálacha in 2018?
- Ríomh luach iomlán na n-iompórtálacha a tugadh isteach san AE in 2018 (ina billiún €) ó na tíortha sa bharrachairt.
- Ainmnigh tír **amháin** ón mbarrachairt a raibh barrachas trádála ag an AE léi in 2018.
- Ainmnigh tír **amháin** ón mbarrachairt a raibh easnamh trádála ag an AE léi in 2018.
- Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le heasnamh sa trádáil a bheith ag tír.
- Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le líon mór comhpháirtithe easpórtála a bheith ag tír.

[20m]

- |       |                                 |             |
|-------|---------------------------------|-------------|
| (i)   | An tSín                         | 2 mharc     |
| (ii)  | An Rúis                         | 2 mharc     |
| (iii) | (€)5,698 (billiún)              | 4 mharc     |
| (iv)  | An tSín/an Chóiré Theas/an Rúis | 2 mharc     |
| (v)   | Ceanada/SAM/an tSeapáin         | 2 mharc     |
| (vi)  | Míniú bailí                     | 2 + 2 mharc |
| (vii) | Míniú bailí                     | 2 + 2 marc  |

## 8B. Coilíneachas

Scrúdaigh na dúshláin a éiríonn as an gcoilíneachas agus atá roimh gheilleagar i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

|                                        |            |
|----------------------------------------|------------|
| Dúshláin aitheanta                     | 2 + 2 marc |
| Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe | 2 mharc    |
| Scrúdú                                 | 12 x PSÁ   |

- Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do gheilleagar i mbéal forbartha ainmnithe: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Is é bunphointe na ceiste na dúshláin atá os comhair geilleagair atá i mbéal forbartha mar thoradh ar choilíneachas.
- Mura ndéantar ach cur síos ar choilíneachas gan aon tagairt do na dúshláin atá roimh gheilleagar i mbun forbartha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar gheilleagar i mbun forbartha gan aon tagairt do na dúshláin atá roimhe mar gheall ar an gcoilíneachas: 2 x PSÁ ar a mhéad.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                                  | Marcanna |
|----------------|----------------------------------------|----------|
| I              | Dúshláin aitheanta                     | N/B      |
| N              | Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc      | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                          | N/B      |

## 8C. Suíomh na Gníomhaíochta Geilleagraí

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- (i) Mínigh **dhá** chúis a roghnódh cuideachta ilnáisiúnta lonnú sa limistéar ar an léarscáil. Úsáid fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis mar thaca le gach cúis díobh.
- (ii) Ag úsáid fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, mínigh cúis **amháin** a roghnódh cuideachta ilnáisiúnta gan lonnú sa limistéar sin.

[30m]

- (i) 2 x chúis @ 10 mharc an ceann

- (ii) 1 x cúis @ 10 marc an ceann

I gcás gach cúise: Cúis luaite 2 mharc

Fianaise léarscáile 2 mharc

Míniúchán 3 x PSÁ

- Glac le 2 chúis ar a mhéad ar iompar.
- I gcás go bhfuil níos mó ná dhá chúis mínithe i bpáirt (i) agus níos mó ná cúis amháin mínithe i bpáirt (ii), marcáil iad ar fad agus bronn an marc is airde dá réir sin i ngach páirt.
- Má úsáideadh aerfótagraf ná ceadaiigh marcanna ach do chúiseanna a sonraíodh má tá siad bailí agus ábhartha do léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

| Nóta Mínithe             | Úsáid                                        | Marcanna |
|--------------------------|----------------------------------------------|----------|
| <div>N</div>             | Cúis luaite                                  | N/B      |
| <div>REF</div>           | Fianaise léarscáile                          | N/B      |
| <div>✓<sub>2</sub></div> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc            | 2        |
| <div>✓</div>             | Barrachas PSÁ                                | N/B      |
| <div>P1 / P2</div>       | Baint ag na nótaí mínithe le cúis 1 / cúis 2 | N/B      |

## Ceist 9

### 9A. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Miondealú ar Chóiríocht do Thurasóirí  
in Éirinn in 2019 (%)

| An Cineál Cóiríochta | An Céatadán Turasóirí |
|----------------------|-----------------------|
| Cairde/gaolta        | 25                    |
| Óstáin               | 21                    |
| Féin-Fhreastail      | 21                    |
| Tithe Aíochta/L&B    | 8                     |
| Brúnna               | 4                     |
| Eile                 | 21                    |

Curtha in oiriúint ó Fáilte Ireland

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar an miondealú ar chóiríocht do thurasóirí in Éirinn in 2019, agus freagair gach ceann de na ceistanna seo a leanas.

- (i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

[16m]

|                               | Barrachairt                           | Píchairt                              |
|-------------------------------|---------------------------------------|---------------------------------------|
| Teideal                       | 2 mharc                               | 2 mharc                               |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc                               | 1 + 1 marc (Ciorcal agus Láráithe)    |
| Ais chothrománach ainmnithe   | 1 mharc                               |                                       |
| 6 mhír a léiriú               | 2 mharc an ceann<br>grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann<br>grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf/chairt oiriúnach
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d'ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc ghrádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

| Nóta Mínithe | Úsáid                     | Marcanna |
|--------------|---------------------------|----------|
| #            | Ní úsáidtear grafpháipéar | - 2      |

- (ii) Mínigh go hachomair fáth **amháin** a mbíonn tóir ag turasóirí ar Éirinn mar cheann scríbe.

[4m]

Míniú bailí gearr ar bith

2 + 2 marc

### 9B. Beartas an Aontais Eorpaigh

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag beartas an Aontais Eorpaigh ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil in Éirinn.

[30m]

Tionchar ar ghníomhaíocht phríomhúil aitheanta      2 mharc  
Scrúdú      14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint do thagairt do beartas le haghaidh 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Caithfear scrúdú a dhéanamh ar gach tionchar agus beartas eile.
- Scrúdú gan tagairt do thionchar Beartais de chuid an Aontais Eorpaigh ar ghníomhaíocht phríomhúil gheilleagrach 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Scrúdú gan tagairt Beartais de chuid an Aontais Eorpaigh 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le tuairimí dearfacha agus diúltacha araon sa scrúdú.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                             | Marcanna |
|----------------|-----------------------------------|----------|
| I              | Toisc aitheanta                   | N/B      |
| REF            | Tagairt do bheartas               | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                     | N/B      |

### 9C. Coimhlint Leasa

Scrúdaigh conas a d'fhéadfadh coimhlint teacht chun cinn idir saothrú acmhainní nádúrtha agus an gá atá ann an comhshaol a chosaint, agus bíodh tagairt agat do shampla(i) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

[30m]

Sampla ainmnithe                      2m  
Scrúdú                                      14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an 2ú sampla ainmnithe do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- 7 x PSÁ ar a mhéad as scrúdú ar thaobh amháin de choinbhleacht díreach.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil tagairt ar bith don choinbhleacht.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                             | Marcanna |
|----------------|-----------------------------------|----------|
| Ex             | Sampla                            | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                     | N/B      |

# PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

## Ceist 10 go 12

### Ceist 10

#### 10A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An abhainn
- Páirc spóirt sa chúlra ar dheis
- Séipéal
- Carrchlós eas-sráide.

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile  
4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc (4/0)  
Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)  
Ainmnithe 1 mharc

- Is gá imlíne na sracléarscáile a tharraingt leath den fhad agus leath den leithead. Is iad na toisí a theastaíonn ná 12.7 cm faoi 8.3 cm (ach ceadaigh difríocht de 0.5 cm ar gach taobh).
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil. Ná glactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Caill 4 mharc as imlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis in ionad aerfótagraf 0 marc.
- Caithfear lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triailleadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triailleadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronnar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Is féidir an sceitse a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

## 10B. Dinimic Dhaonra

Scrúdaigh an tslí a dtéann athrú ar na rátaí torthúlachta agus ar na rátaí básmhaiseachta i bhfeidhm ar struchtúr an daonra, agus bíodh tagairt agat do shampla(i) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

[30m]

|                                                            |          |
|------------------------------------------------------------|----------|
| Tionchar ar na rátaí torthúlachta atá ag athrú ainmnithe   | 2 mharc  |
| Tionchar ar na rátaí básmhaiseachta atá ag athrú ainmnithe | 2 mharc  |
| Sampla den áit a dtarlaíonn na tionchair                   | 2 mharc  |
| Scrúdú                                                     | 12 x PSÁ |

- Tá an bhéim sa cheist ar thionchar na rátaí torthúlachta agus na rátaí básmhaiseachta atá ag athrú.
- Scrúdú ar na rátaí torthúlachta agus na rátaí básmhaiseachta atá ag athrú gan tagairt ar bith don tionchar ar struchtúr an daonra 2 x PSÁ ar a mhéad.
- 6 x PSÁ ar a mhéad má bhíonn an scrúdú faoi rátaí torthúlachta atá ag athrú nó rátaí básmhaiseachta atá ag athrú amháin.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bpléitear na rátaí torthúlachta agus na rátaí básmhaiseachta 'atá ag athrú' sa fhreagra.

| Nóta Mínithe             | Úsáid                                                      | Marcanna |
|--------------------------|------------------------------------------------------------|----------|
| <div>N</div>             | Tionchar ar na rátaí torthúlachta atá ag athrú aitheanta   | N/B      |
| <div>I</div>             | Tionchar ar na rátaí básmhaiseachta atá ag athrú aitheanta | N/B      |
| <div>Ex</div>            | Sampla den áit a dtarlaíonn na tionchair                   | N/B      |
| <div>✓<sub>2</sub></div> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                          | 2        |
| <div>✓</div>             | Barrachas PSÁ                                              | N/B      |

## 10C. Imirce

Agus tagairt agat do réigiún forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh an tionchar a bhíonn ag imirce ar gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéir thuaithe
- Limistéir uirbeacha.

[30m]


|                                             |         |
|---------------------------------------------|---------|
| Tionchar ar an réigiún tuaithe aitheanta    | 2 mharc |
| Míniú ar an tionchar ar an réigiún tuaithe  | 6 x PSÁ |
| Tionchar ar an réigiún uirbeach aitheanta   | 2 mharc |
| Míniú ar an tionchar ar an réigiún uirbeach | 6 x PSÁ |
| Sampla de réigiún forbartha                 | 2 mharc |

- Caithfear míniú a dhéanamh ar gach tionchar eile.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.
- Féadfaidh tionchair a bheith dearfach nó diúltach.
- Is féidir leis an míniú a bheith faoin tionchar ar imirce isteach, imirce amach nó an dá rud ar cheantair thuaithe agus uirbeacha.
- Ná glactar míniú ar thionchar na himirce i réigiún i mbéal forbartha.
- 6 x PSÁ ar a mhéad má tá an míniú ar an tionchar ar an réigiún tuaithe amháin nó ar an tionchar ar an réigiún uirbeach amháin.

| Nóta Mínithe                  | Úsáid                                                                                             | Marcanna |
|-------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------|----------|
| <div>N</div>                  | Tionchar ar an réigiún tuaithe aitheanta                                                          | N/B      |
| <div>I</div>                  | Tionchar ar an réigiún uirbeach aitheanta                                                         | N/B      |
| <div>Ex</div>                 | Sampla de réigiún forbartha                                                                       | N/B      |
| <div>✓<sub>2</sub></div>      | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                                                                 | 2        |
| <div>✓</div>                  | Barrachas PSÁ                                                                                     | N/B      |
| <div>P1</div> / <div>P2</div> | Baineann nótaí mínithe leis an ar an tionchar ar réigiún tuaithe/an tionchar ar réigiún uirbeacha | N/B      |

## Ceist 11

### 11A. Athrú Daonra



Scrúdaigh an graf thuas ina dtaispeántar comhchodanna den athrú daonra in Éirinn do gach tréimhse idir-dhaonáirimh idir 1981 agus 2016, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Abair cé acu atá an ráiteas seo a leanas fíor nó bréagach:  
I rith thréimhse idir-dhaonáirimh 2002-2006, tháinig méadú os cionn 50,000 duine ar an daonra.
- Cé acu méadú nádúrtha nó imirce ghlan ba phríomhchúis leis an bhfás a tháinig ar an daonra i rith thréimhse idir-dhaonáirimh 2011-2016?
- Cén tréimhse idir-dhaonáirimh ar tháinig laghdú ar an daonra lena linn?
- Liostaigh **dhá** thréimhse idir-dhaonáirimh arb airde an eisimirce ná an inimirce lena linn.
- Cén tréimhse idir-dhaonáirimh ar tharla an méadú nádúrtha ab ísle lena linn?
- Mínigh go hachomair an téarma *athrú nádúrtha*.
- Mínigh go hachomair fáth **amháin** a dtagann laghdú ar rátaí beireatais?

[20m]

- |                                    |             |
|------------------------------------|-------------|
| (i) Fíor                           | 2 mharc     |
| (ii) Méadú Nádúrtha                | 2 mharc     |
| (iii) 1986-1991                    | 2 mharc     |
| (iv) 1981-1986/1986-1991/2011-2016 | 2 + 2 marc  |
| (v) 1991-1996                      | 2 mharc     |
| (vi) Míniú bailí                   | 2 + 2 mharc |
| (vii) Míniú bailí                  | 2 + 2 marc  |

### 11B. Fadhbanna Uirbeacha – Cathair sa Domhan atá i mBéal Forbartha

Déan plé ar an gcaoi ar féidir leis an dá fhadhb seo a leanas teacht chun cinn mar thoradh ar fhás lárionad uirbeach, agus bíodh tagairt agat do shampla(i) de chathair amháin nó níos mó sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi (orthu):

- Plódú tráchta
- Sraoilleáil uirbeach.

[30m]

|                             |         |
|-----------------------------|---------|
| Sampla d'ionad uirbeach     | 2 mharc |
| Plé ar bhrú tráchta         | 7 x PSÁ |
| Plé ar sraoilleáil uirbeach | 7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú sampla d'ionad uirbeach do 1 x PSÁ ón plé.
- D'fhéadfadh ionad uirbeach a bheith ina chathair, cuid shonrach de chathair ainmnithe nó baile.
- Plé nach bhfuil tagairt ann d'fhadhb nó d'ionaid uirbeacha: 2 PSÁ ar a mhéad.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an bhfadhb gan tagairt ar bith d'fhás na gceantar uirbeacha.
- Tugtar creidiúint de 2 x PSÁ ar a mhéad ón bplé le haghaidh réiteach.

| Nóta Mínithe   | Úsáid                                                                                       | Marcanna |
|----------------|---------------------------------------------------------------------------------------------|----------|
| Ex             | Sampla d'ionad uirbeach                                                                     | N/B      |
| ✓ <sub>2</sub> | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                                                           | 2        |
| ✓              | Barrachas PSÁ                                                                               | N/B      |
| P1 / P2        | Baineann na nótaí mínithe le plé maidir le brú tráchta / plé maidir le sraoilleáil uirbeach | N/B      |

### 11C. Lonnaíocht Uirbeach

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo

Mínigh trí chúis ar fhorbair baile Béal Easa sa suíomh ina bhfuil sé inniu. Úsáid fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis mar thaca le gach cúis díobh.

[30m]

Trí chúis @ 10 marc an ceann

I gcás gach cúise:

Cúis luaite 2 mharc

Fianaise léarscáile SO 2 mharc

Míniú 3 x PSÁ

- Ní mór don míniú a bheith bunaithe ar mhíniúchán a bhaineann le hábhar seachas ar thagairtí léarscáile breise.
- Sa chás go bhfuil an freagra bunaithe ar an Aerfótagraf, ceadáítear marcanna as cúiseanna a aithint amháin, má tá siad le feiceáil ar an léarscáil.
- I gcás nach mbeidh tagairt ann don léarscáil nó ina mbeidh an tagairt don léarscáil mícheart, ceadáítear creidiúint a thabhairt as an gcúis a ainmniú agus míniú bailí a thabhairt.
- Ná glactar le níos mó ná 2 chúis a bhaineann le modhanna éagsúla iompair.

| Nóta Mínithe                                             | Úsáid                                                 | Marcanna |
|----------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------|----------|
| <div>N</div>                                             | Cúis luaite                                           | N/B      |
| <div>REF</div>                                           | Fianaise léarscáile                                   | N/B      |
| <div>✓<sub>2</sub></div>                                 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc                     | 2        |
| <div>✓</div>                                             | Barrachas PSÁ                                         | N/B      |
| <div><div>P1</div> / <div>P2</div> / <div>P3</div></div> | Baint ag na nótaí mínithe le cúis 1 / cúis 2 / cúis 3 | N/B      |

## Ceist 12

### 12A. Dinimic Dhaonra

Dlús an Daonra in Éirinn i mBlianta Roghnaithe

| Bliain | Dlús an Daonra<br>(Daoine in aghaidh an km <sup>2</sup> ) |
|--------|-----------------------------------------------------------|
| 1970   | 42                                                        |
| 1980   | 49                                                        |
| 1990   | 51                                                        |
| 2000   | 55                                                        |
| 2010   | 66                                                        |
| 2020   | 72                                                        |

Curtha in oiriúint ón POS

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar dlús an daonra in Éirinn i mblianta roghnaithe, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- (i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

[16m]

|                               | Barrachairt                           | Píchairt                              |
|-------------------------------|---------------------------------------|---------------------------------------|
| Teideal                       | 2 mharc                               | 2 mharc                               |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc                               | 1 + 1 marc (Ciorcal agus Láráithe)    |
| Ais chothrománach ainmnithe   | 1 mharc                               |                                       |
